



## **Coiste Iniúchóireachta**

# **Na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála**

## **TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012**

## Clár Ábhar

A. Ráiteas an Chathaoirligh .....	3
B. Ballraíocht an Choiste Iniúcháireachta .....	6
C. Ról an Choiste Iniúcháireachta .....	7
D. Barúlacha agus Moltaí an Choiste Iniúcháireachta.....	9
1. Eagrú agus Bainistíocht na Roinne .....	9
2. Caiteachas Cóiríochta na Roinne .....	9
3. Taisteal agus Liúntas Cothaithe na Roinne .....	10
4. Bainistíocht Riosca .....	11
5. Calaois .....	12
6. Bainistíocht Airgeadais Phoiblí i dTíortha Cláir .....	13
7. Meastóireacht agus Iniúcháireacht .....	14
8. An Treo amach anseo don Choiste Iniúcháireachta .....	16
Aguisín 1 – Spriocanna Ardleibhéil na Roinne, 2011 go 2014 .....	18
Aguisín 2 – Cairt an Choiste Iniúcháireachta .....	19
Aguisín 3 - Achoimre ar Mholtaí .....	20

## A. Ráiteas an Chathaoirligh

Ard-Rúnaí

Tá áthas orm an naoú Tuarascáil Bhliantúil de chuid Coiste Iniúcháireachta na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, a dhéanann taifeadadh ar ghníomhaíochtaí an Choiste le linn na bliana 2012 a chur faoi do bhráid. Is iad seo a leanas na paraiméadair airgeadais an dá Vóta lena gcuimsítear cláir chaiteachais na Roinne:

<b>Meastachán Athbhreithnithe (glan)</b>	<b>Toradh Sealadach (glan)</b>	<b>Toradh na Buaicbhliana (glan)</b>	<b>Íslíú Caiteachais ón mBuaicbhliain</b>	
<b>2012 (€m)</b>	<b>2012 (€m)</b>	<b>2008 (€m)</b>	<b>€m</b>	<b>%</b>
<b>Vóta 27 Comhoibriú Idirnáisiúnta</b>				
513	508	768	260	34
<b>Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála</b>				
182	158	217	59	27

Bhí ocht gcruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta le linn na bliana 2012. Chomh maith leis sin bhí baill an Choiste flaithiúil lena gcuid ama idir chruinnithe ó thaobh maoirseacht a dhéanamh ar chlár oibre Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta na Roinne. Cé gur chlúdaigh clár oibre an Choiste an éagsúlacht mhór freagrachtaí atá ar an Roinn le linn na bliana 2012 a chuimsíonn topaicí chomh héagsúil le bainistíocht riosca; tabhairt isteach nósanna imeachta feabhsaithe do bhainistíocht airgeadais i dtíortha comhpháirtíochta; fiosrú cásanna calaoise; ag tacú le cumas na Roinne tabhairt faoi mheastóireacht córasach ar chlár chaiteachais; saincheisteanna a bhaineann le bainistíocht a dhéanamh ar phunann mhaoine na Roinne; caidrimh na Roinne le hearnáil cúnamh neamhRialtais in Éirinn agus i dtíortha comhpháirtíochta araon; agus le gníomhaireachtaí maoinithe iltaobhacha ar nós na ngníomhaireachtaí sin faoi choimirce na Náisiún Aontaithe (UN), bhí fócas ár gclár oibre bunaithe ar théamaí leathana na bainistíochta riosca, bainistíocht airgeadais phoiblí (PFM) i dtíortha comhpháirtíochta agus ar shaincheisteanna bainistíochta maoine a ndéileáiltear leo níos mionsonraithe sa Tuarascáil Bhliantúil.

Is forbairt shuntasach ar leithligh a bhí in ainmiú ball de Choiste Comhairleach Bainistíochta na Roinne mar Phríomhoifigeach Riosca le linn na bliana agus ba chóir go gcuirfeadh sé sin leis an bpróifíl bainistíochta riosca ar fud na Roinne. Ba chóir go gciallódh cur leis an dul chun cinn atá déanta cheana féin ó thaobh ailíniú a dhéanamh ar phleanáil gnó le bainistíocht riosca ar fud aonaid gnó na Roinne go mbeidh níos mó soiléireachta ann anois timpeall ar úinéireacht riosca, an dóchúlacht go dtarlóidh sé agus na straitéisí oiriúnacha um mhaolú riosca. Ba chóir go ndéanadh sé

éascú freisin ar chur chuige ó bharr anuas i leith aithint riosca lena n-airítear conas is fearr déileáil leis na torthaí ó rioscaí straitéiseach eisigineach na Roinne.

Forbairtí le linn na bliana – mar shampla eachtra suntasach calaoise in Uganda – a threisíonn an bhéim atá á chur anois ag Cúnamh Éireann ar na straitéisí forghníomhacha bainistíochta airgeadais phoiblí do thíortha comhpháirtíochta. Cé gur fhreagair an Roinn go fuinniúil agus go cuspóireach ó thaobh déileáil le torthaí na tuarascála a d'fhoilsigh Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Uganda, tá údar imní ann i gcónaí nach bhfuil na socruithe atá i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar íocaíocht amach cúnaimh in Uganda chomh freagrach is d'fhéadfadh siad a bheith i leith réimsí a bhféadfadh fadhbanna a bheith ag gabháil leo. Tá do chinneadh maidir le coimisiúnú a dhéanamh ar mheasúnú éifeachtúlacht clár córais bainistíochta agus rialuithe airgeadais in Ambasáidí atá suite i dtíortha comhpháirtíochta tráthúil agus ba chóir go mbeadh na torthaí sin luachmhar ó thaobh atheagrú a dhéanamh ar shamhail an PFM ó thaobh ceachtanna atá le foghlaim as an taithí in Uganda.

Cé go leanann maoirseacht na gclár caiteachais atá á riar ag Cúnamh Éireann a bheith ina ngé shuntasach i gclár oibre an Choiste Iniúcháireachta, tá an Coiste ag díriú a aird níos mó agus níos mó ar mheastóireacht a dhéanamh ar shaincheisteanna bainistíochta caiteachais na Roinne i gcoitinne. Dá bhrí sin bhí an Coiste gafa leis na torthaí a bhí ag teacht ó mheastóireachtaí suntasacha ar shocruithe na Roinne maidir le bainistiú a dhéanamh ar a punann mhaoine leathan agus ó thaobh monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas taistil agus cothaithe araon le linn na bliana 2012. Tá sé i gceist ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh le linn na bliana 2013 (a) ar thorthaí plean iniúchta leanúnach ilbhliantúil nua a bhaineann le príomhrioscaí na Roinne atá le tabhairt chun críche le linn na bliana ag an Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta; (b) ar na torthaí atá sa staidéar a tugadh chun críche le gairid ar chaiteachas na Roinne ar theicneolaíocht faisnéise; agus (c) tá na conclúidí atá ag teacht ó mheastóireacht Luach ar Airgead mhisin taidhleoireachta déthaobhach na hÉireann i mBallstáit AE measta a bheith críochnaithe freisin níos déanaí i mbliana.

Rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar an tuarascáil maidir leis an iniúchadh ar Chaiteachas Cóiríochta na Roinne, a ndearna tusa coimisiúnú air. Bhí an Coiste buartha faoi na heasnaimh a nochtadh sa Tuarascáil agus tacaíonn sé go hiomlán leis na moltaí maidir le rialuithe inmheánacha a neartú, go háirithe i réimsí buiséadú tionscadal agus rialú costais agus faisnéis bhainistíochta tionscadal. Creideann an Coiste Iniúcháireachta freisin go dtugann na heasnaimh a aithníodh sa tuarascáil iniúcháireachta substaint do mholtaí an Choiste i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo maidir le feidhm aontaithe agus feidhm níos láidre airgeadais a chruthú sa Roinn. Creidimid go rachadh bunú feidhm aontaithe airgeadais ar bhonn Roinne iomlán go mór chun leasa do na rialuithe inmheánacha, faoi cheannaireacht cuntasóir cáilithe leis an taithí chuí mar Cheann Airgeadais. Tugaimid aitheantas go bhfuil glactha agat le fiúntas an mholadh deiridh sin ó thuarascálacha bliantúla roimhe seo agus gríosaimid an Roinn le tosaíocht a thabhairt dá fheidhmiú.

Cé go ndearnadh athruithe rialta ar chomhdhéanamh bhallaíochta an Choiste le naoi mbliana anuas, leanann sé le feidhmiú faoi Chairt nár tháinig aon athrú suntasach air le linn na tréimhse sin. Mar sin, chinn an Coiste tabhairt faoi athbhreithniú a dhéanamh ar a chuid cuspóirí, socruithe tuairiscithe agus ar an modus operandi. Tugadh faoin bpróiseas athbhreithnithe seo deireadh na bliana seo caite, le tacaíocht ó éascaitheoir seachtrach neamhspleách, agus ó bhaill an Choiste atá rannpháirteach i machnamh a dhéanamh ar a fheidhmíocht. Thug malartú taithí le Cathaoirleach

Choiste Iniúchóireachta Roinn Forbartha Idirnáisiúnta na Ríochta Aontaithe tuairimí spéisiúla dúinn freisin maidir le conas a d'fhéadfadh athrú a theacht ar ár ról féin in imeacht ama. Bhí an Coiste rannpháirteach freisin i gcomhphlé maidir le ról na feidhme iniúchóireachta inmheánaigh in eagraíochtaí na hearnála poiblí a thionscnaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER). Táthar ag feitheamh faoi láthair ar thograí maidir le ról agus feidhmeanna na gCoistí Iniúchóireachta Roinne go ginearálta ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER), agus tá sé i gceist ag an gCoiste, chomh luath agus a fhoilseofar iad, iad a chur faoi do bhráid ar mhaithe lena mbreithniú maidir le haon mholtaí leasaithe ar a Chairt faoi láthair.

Mar chríoch, ba mhaith liom buíochas a ghabháil thar ceann an Choiste Iniúchóireachta as an tacaíocht a fuair sé ón mbainistíocht agus ón fhoireann ag gach leibhéal ar fud na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a leanann le seirbhís ar ardchaighdeán a sheachadadh in ainneoin na ndúshlán atá ann mar gheall ar chiorruithe buiséadacha atá ag leanúint ar aghaidh. Go háirithe, is mór againn do thacaíocht agus do spreagadh pearsanta mar atá léirithe i do chuid freagraí stuama agus cuimsitheach i leith na moltaí atá déanta againn inár dTuarascálacha Bliantúla mar aon le bheith ar fáil le comhairle a chur orm i gcónaí. Arís eile is mian liom aitheantas ar leith a thabhairt do thréan-iarracht foireann an Aonaid Meastóireachta agus Iniúchóireachta faoi stiúir William Carlos, le tacaíocht chumasach ó Tom Hennessy, Séamus O'Grady agus comhghleacaithe a bhfuil a dtiomantas agus a ngairmiúlacht eiseamláireach. Chuir Tom agus Patricia Ryan tacaíocht rúnaíochta ar ardchaighdeán ar fáil do Choiste freisin agus ní féidir luach a chur air sin. Ar deireadh, mar go bhfuilim ag éirí as mar Chathaoirleach an Choiste go gairid, is mian liom mo bhuíochas a léiriú do mo chomhbhádóirí ar an gCoiste – Richard Boyle, Donal Corcoran, Emer Daly, Aidan Eames agus Jim Gillespie – as a dtreoir agus as a spreagadh. Leanann siad le seirbhís den scoth a sholáthar do Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Philip Furlong  
Cathaoirleach  
An Coiste Iniúchóireachta  
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

## B. Ballraíocht an Choiste Iniúchóireachta

Roghnaítear daoine ó lasmuigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun a bheith ina baill den Choiste Iniúchóireachta. Is é Ard-Rúnaí na Roinne a cheapann iad.

B'iad seo a leanas baill an Choiste le linn na bliana 2012:

**An tUasal Philip Furlong**, Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Iar-Ard-Rúnaí na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta (Ceapadh é mar bhall den Choiste in Eanáir na Bliana 2008).

**An Dr. Richard Boyle**, Ceann Taighde, *Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorparáidigh*, an Foras Riaracháin (Eanáir 2008)

**An tUasal Donal Corcoran**, Cuntasóir Bainistíochta Cairte agus sainchomhairleoir bainistíochta ar scor (mí Iúil 2010).

**An tUasal Aidan Eames**, Aturnae agus Iar-Chathaoirleach na Gníomhaireachta um Pearsanra Thar Lear (Mí Iúil 2010).

**An tUasal Jim Gillespie**, *Cuntasóir Cairte agus iar-chomhpháirtí de chuid Ernest and Young* (Mí Iúil 2011)

**Emer Daly, Uasal**, Cuntasóir Cairte agus stiúrthóir cuideachta (Márta 2012).

## C. Ról an Choiste Iniúcháireachta

Cuireann an Coiste Iniúcháireachta comhairle ar an Ard-Rúnaí ó thaobh beartais agus straitéisí iniúcháireachta inmheánaí um bhainistíochta riosca a oireann d'fheidhmiú na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus dá réir sin tacaíonn leis ó thaobh a chuid freagrachtaí mar Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne a chomhlíonadh. D'fhéadfadh an Coiste Iniúcháireachta comhairle a chur ar an Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ar an Aire Stáit um Thrádáil agus Fhorbartha freisin sa chás go bhfuil sé cuí é sin a dhéanamh.

Leagtar amach feidhm agus téarmaí tagartha an Choiste Iniúcháireachta (féach Aguisín 2) ina Chairt. Tá dhá phríomhfheidhm ag an gCoiste, eadhon:

- Comhairle a chur ar fáil maidir le hoibriú feidhm na Meastóireachta agus na hIniúcháireachta laistigh den Roinn.
- Scrúdú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú straitéis bhainistíochta riosca na Roinne.

Tá an Coiste freagrach as an méid seo a leanas:

- Formhuiniú agus athbhreithniú tréimhsiúil, cairt Mheastóireachta agus Iniúcháireachta ina dtugtar sainmhíniú soiléir ar chuspóir, údarás, ról, freagrachta agus caidreamh tuairiscithe an Choiste Iniúcháireachta, an Aonaid Mheastóireachta agus Iniúcháireachta agus bainistíocht na Roinne.
- Athbhreithniú agus comhairle maidir leis an gclár oibre atá beartaithe don Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta laistigh den Roinn.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an phlean meastóireachta agus iniúcháireachta.
- Measúnú a dhéanamh ar thorthaí na dtuarascálacha meastóireachta agus iniúcháireachta atá críochnaithe, meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlachtaí an rialaithe inmheánaigh agus comhairle a chur ar bhainistíocht na Roinne maidir leis na conclúidí ina thaobh sin.
- Comhairle a chur ar an Ard-Rúnaí maidir le héifeachtúlacht na Feidhme Meastóireachta agus Iniúcháireachta.
- Tuarascálacha ar leith a éileamh ón Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta de réir mar is cuí.
- Measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú gníomhartha ceartaitheacha comhaontaithe ag an mbainistíocht agus aird á thabhairt ar mheastóireacht agus ar iniúcháireachtaí leantacha.
- Comhairle a chur ar fáil cibé an bhfuil acmhainní agus scileanna dóthanacha ar fáil d'Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta na Roinne agus moltaí a dhéanamh maidir le leithdháileadh acmhainní má bhreithnítear go bhfuil sé sin inmhianta.
- Forbairt dea-chleachtais a spreagadh laistigh den Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú straitéis um bhainistíocht riosca na Roinne agus comhairle a chur ar an Ard-Rúnaí maidir le héifeachtúlacht an phróisis sin.
- Tuarascáil bhliantúil a ullmhú don Ard-Rúnaí.

Gníomhaíonn an Coiste Iniúcháireachta ar bhonn comhairleach agus dá réir sin níl aon fheidhmeanna feidhmiúcháin aige. Dá bhrí sin níl freagracht túslíne aige maidir le próiseas meastóireachta agus iniúcháireachta mionsonraithe nó le haghaidh síniú a chur le tuarascálacha meastóireachta agus iniúcháireachta. Níl aon fhreagracht feidhmiúcháin nó rannpháirtíochta aige ach oiread in athbhreithniú nó i gceadú (thar ceann na bainistíochta) ráitis airgeadais bhliantúla do Vótaí na Roinne.

Casann an Coiste Iniúcháireachta le hionadaithe an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG) uair sa bhliain ar a laghad. Cé go bhfuil dea-chaidreamh oibre ag an gCoiste le hoifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG), go bunúsach is ar mhaithe le heolas agus tuairimí a roinnt atá na cruinnithe sin ann. Níl aon rannpháirtíocht dhíreach ag an gCoiste Iniúcháireachta san iniúcháireacht bliantúil nó leis na ráitis airgeadais a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste do Vótaí na Roinne.



## D. Barúlacha agus Moltaí an Choiste Iniúcháireachta

### 1. Eagrú agus Bainistíocht na Roinne

**An tAonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta:** Molann an Coiste Iniúcháireachta an bhéim a chuireann an Roinn ar chothabháil a dhéanamh ar fheidhm Mheastóireachta agus Iniúcháireachta ag a bhfuil neart acmhainní lena n-áirítear cuntasóirí cáilithe agus foireann oilte. I bhfianaise chomh tábhachtach agus chomh hábhartha is atá Meastóireacht agus Iniúcháireacht i dtimpeallacht eacnamaíochta dúshlánach, is mian leis an gCoiste Iniúcháireachta a chuid tuairimí, a cuireadh in iúl i dtuarascálacha roimhe seo a chur in iúl arís, sé sin gur chóir don Roinn leanúint le bonn cáilíochtaí, scileanna agus taithí an Aonaid a chothabháil in ainneoin na ndúshlán ó thaobh acmhainní atá i ndán don Roinn.

**Iniúcháirí Inmheánacha atá lonnaithe in Ambasáidí:** Tá roinnt daoine áitiúla fostaithe in ambasáidí i dtíortha ina eisíoctar Cúnamh Éireann. Tá siad ríthábhachtach ó thaobh feidhmiú an Aonaid Mheastóireachta agus Iniúcháireachta, trí bhealaí éifeachtúla a sholáthar lena chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta agus go bhfuil monatóireacht leanúnach á dhéanamh ar rialuithe. Bhí deacracht ag baint le maoiniú a dhéanamh ar Iniúcháirí Inmheánacha ó vóta riaracháin na Roinne i bhfianaise na timpeallachta eacnamaíochta atá againn i láthair na huair, ag na leibhéil tuarastail chuí, lena n-áirítear duine a chur ina n-áit le linn dóibh a bheith ar saoire, agus ní raibh sé indéanta i gcónaí. Mar gheall air sin bhí cailliúint mhaoriseachta agus dearbhaithe ar an láthair. Molann an Coiste Iniúcháireachta gur chóir go ndéileálfai le costais foirne meastóireachta agus iniúcháireachta in ambasáidí den sórt sin mar chostais chlár a bheadh maoinithe díreach ó chistí Cúnamh Éireann i dtíortha comhpháirtíochta, mar gheall gur ionann a bpríomhfheidhm agus maoirseacht a dhéanamh ar chaiteachas cúnamh.

**Rialuithe Airgeadais:** Tá ceapachán cuntasóir cáilithe le taithí mar Cheann Airgeadais sa Roinn le freagracht as dhá vóta na Roinne molta ag an gCoiste Iniúcháireachta cheana féin. Le linn na bliana 2012 cheap an Roinn cuntasóir cáilithe mar Chuntasóir Airgeadais le taithí do Vóta 28 a thuiriscíonn don Cheann Airgeadais atá ann cheana. Cé go bhfáiltítear roimh an gceapachán seo, leagan an Coiste Iniúcháireachta béim ar an tábhacht lárnach a bhaineann le feidhm aontaithe airgeadais láidir faoi stiúir cuntasóir cáilithe oiriúnach le taithí mar Cheann Airgeadais.

### 2. Caiteachas Cóiríochta na Roinne

Bainistíonn an Roinn punann fairsing maoine oifigiúil thar lear – faoi úinéireacht agus ar léas – chun tacú lena líonra misean taidhleoireachta. Is ionann an mhaoin sin agus seansaíreacht agus árais chónaithe oifigiúla, agus tá cion suntasach de na háitribh sin i seilbh an Stáit le roinnt mhaith blianta. Gan dabht, bhí gá le tionscadail mhóra athchóirithe agus le hoibreacha beaga cothabhála eile leis an mhaoin sin a chothabháil in ord feidhme.

Is ionann caiteachas cóirithe agus caiteachas suntasach, agus tá sé comhdhéanta de thionscadail mhóra athchóirithe, cíosanna léasa, gnáthobair chothabhála agus fónais. Is ionann an soláthar Measta don dá Vóta do 2013 agus thart ar €25 milliún, titim ó €34m in 2009. Tharla an laghdú sin mar gheall ar chiorrú as cuimse ar obair athchóirithe agus idirbheartaíocht i ndáil le téarmaí léasa níos fabhraí nuair a bhí sé sin indéanta.

Rinne an tArd-Rúnaí coimisiúnú ar iniúchadh ar chaiteachas Cóiríochta Roinne go luath sa bhliain 2010. Is iad seo na cuspóirí a bhí leis:

- Measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na gcóras rialuithe inmheánach ar chaiteachas Cóiríochta na Roinne.
- Réimsí a aithint san áit ar féidir éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach i dtéarmaí cothabhála agus bainistiú cóiríochta.

Tacaíonn an Coiste Iniúcháireachta le conclúidí an iniúchta, sé sin nach raibh:

- Rialuithe Buiséid agus costais an tionscadal éifeachtach, agus bhí méadú suntasach ar chostais an tionscadal mar gheall air sin.
- Ní raibh aon chóras ag an Aonad Airgeadais le costais tionscadal a bhailiú nó le CBL a ghnóthú go héifeachtach.
- Ní bhfuair an bhainistíocht shinsearach sa Roinn tuarascálacha rialta a léirigh costais cothrom le dáta an tionscadal i gcomparáid leis an mbuiséad.

Bhí an Coiste Iniúcháireachta den tuairim gur léirigh an tuarascáil samplaí de luach ar airgead a bhí suarach agus gur chóir go mbeadh rialú buiséid ar chaiteachas cóiríochta a bheith chun tosaigh i gcónaí. Molann an Coiste go bhfiosródh an Roinn roghanna bainistíochta dá phunann mhaoine thar lear le hOifig na nOibreacha Poiblí ag teacht le tuairimíocht an Rialtais maidir le seirbhísí comhroinnte.

Go hachomair, breithnigh an Coiste Iniúcháireachta go bhféadfaí tuilleadh a dhéanamh chun na rioscaí a bhaineann le mórthionscadail a shainiú, a mhaolú agus a bhainistiú níos éifeachtaí.

### 3. Taisteal agus Liúntas Cothaithe na Roinne

Tá taisteal idirnáisiúnta ríthábhachtach le cur ar chumas na Roinne ionadaíocht a dhéanamh go héifeachtach ar leasa na hÉireann thar lear agus le bainistíocht a dhéanamh ar an gclár cúnamh thar lear. Tá tréan-iarrachtaí déanta ag an Roinn leis an gcaiteachas a rialú – a bhfuil fianaise ina thaobh sa laghdú foriomlán sna torthaí do na focheantheidil Vóta ábhartha ó €11.7m (2008) go €5.0m (2011).

Tugadh faoin iniúcháireacht ar chaiteachas liúntas cothabhála agus taistil sa Roinn idir deireadh na bliana 2009 agus tús na bliana 2011. Dheimhnigh torthaí an iniúcháireachta gur comhlíonadh na rialacháin agus chomh maith leis sin go raibh na rialacháin cuí. Chinn an tuarascáil freisin gur "*chóir don Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta tabhairt faoi iniúcháireacht leantach gearr laistigh d'aon bhliain amháin tar éis na tuarascála seo a bheith tugtha chun críche. Ba chóir don iniúcháireacht díriú ar príomhréimsí riosca agus leanúint ar aghaidh le dul chun cinn a dhéanamh ar fheidhmiú na moltaí.*" Tugadh faoin iniúcháireacht leantach seo ar an dá vóta i ndeireadh na bliana 2011 agus tugadh tuairisc ina leith sa bhliain 2012.

Chinn iniúchóireacht leantach na bliana 2011 go raibh na rialuithe inmheánach cuí, go foriomlán, agus go bhfuil siad curtha i bhfeidhm i gceart. Léirítear an dul chun cinn in éifeachtúlachtaí agus luach ar airgead sa laghdú suntasach i gcaiteachas taistil agus i liúntas cothaithe faoi Vótaí 28 agus 29 idir na tréimhsí 2008 go dtí 2011.

D'éascair naoi gcinn de mholtaí feabhsúcháin rialaithe ón iniúchóireacht a rinneadh in 2009/10. Chinn an t-iniúchóireacht leantach gur cuireadh trí cinn acu i bhfeidhm agus go raibh cúig cinn eile curtha ar feitheamh ar mhaithe le tionscnamh forleathan Rialtais ar sheachfhoinsí agus rialúcháin. Níl aon dul chun cinn déanta maidir le moladh amháin agus tá an moladh sin go hiomlán laistigh de théarmaí tagartha na Roinne le cur i bhfeidhm. Baineann sé seo le ceapachán feidhm taistil neamhspleách ar mhaithe le costais taistil a cheadú atá os cionn an mhéid atá sonraithe.

D'éascair roinnt moltaí breise as iniúchóireacht leantach na bliana 2011. Baineann siad sin le feabhsúcháin ar na rialúcháin atá ann seachas le heasnamh i rialúcháin shuntasacha.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta moladh breise agus iad ag tabhairt an scrúdaithe ar na tuarascálacha seo chun críche, sé sin gur chóir go ndéanfadh an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta breithniú ar thabhairt isteach rátáil oiriúnach/córas rangaithe do mholtaí agus do thorthaí iniúchóireachta inmheánach aonair agus rátáil iniúchóireachta foriomlán a thabhairt san áireamh ansin.

#### 4. Bainistíocht Riosca

Lean an Coiste Iniúchóireachta le monatóireacht a dhéanamh ar phróiseas bainistíochta riosca na Roinne le linn na bliana agus cuireadh dhá sheisiún dá chlár oibre bliantúil in áirithe don chuspóir sin.

Fáiltíonn an Coiste Iniúchóireachta roimh an ainmniúchán atá déanta ag an Ard-Rúnaí sé sin ball den Choiste Comhairle Bainistíochta a ainmniú mar Phríomh-Oifigeach Riosca na Roinne. Creideann an Coiste go mbeidh ról tábhachtach ag an bPríomh-Oifigeach Riosca i gcur chun cinn feasacht riosca agus rialaithe ar fud na Roinne.

Tugann an Coiste Iniúchóireachta aitheantas don dul chun cinn leanúnach a rinneadh le linn na bliana ó thaobh athchóiriú a dhéanamh ar chlár riosca na Roinne agus ó thaobh soiléiriú a dhéanamh ar an nasc idir phleanáil gnó agus bainistíocht riosca.

Tugann an Coiste Iniúchóireachta ar aird agus aontaíonn le conclúidí an athbhreithnithe a rinne an t-Iniúchóireacht Inmheánach ar chlár riosca na Roinne, a chinn nár chóir aon athruithe suntasacha a dhéanamh ar an bpróiseas ná ar an struchtúr atá i bhfeidhm i láthair na huaire mar go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh tuiscint ar an gcóras reatha agus go mbeadh sé ag feidhmiú go maith ar fud na Roinne.

Molann an Coiste Iniúchóireachta gur chóir go ndéanfadh an Roinn fiosrú ar an scóip ar mhaithe le tuilleadh soiléireachta a fháil timpeall straitéisí bainistíochta riosca agus i gcinntiú go bhfuil na straitéisí atá i bhfeidhm léirithe sna cláir riosca.

Breithníonn an Coiste Iniúcháireachta go bhfuil ról atá thar a bheith tábhachtach ag an Rúnaíocht um Bhainistíocht Riosca na Roinne ó thaobh tacú le Rannóga agus Misean le measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus le straitéisí maolaithe riosca a chur i bhfeidhm ag leibhéal oibríochta agus ag an am céanna Príomh-Oifigeach Riosca a chur ar an airdeall (agus an Coiste Comhairleach Bainistíochta) maidir leis na bagairtí straitéiseach a bheadh ann ó thaobh baint amach spriocanna na Roinne.

Tugann an Coiste Iniúcháireachta ar aird na príomhrioscaí a aithníodh i bpríomhchlár riosca na Roinne, agus na rioscaí seo a leanas go háirithe a chuireann dúshlán i láthair ó thaobh spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil a bhaint amach:

- Calaois agus míleithreasú cistí
- Acmhainní Daonna – níl acmhainní foirne leordhóthanach ann le bainistiú a dhéanamh ar obair na Roinne
- Airgeadas – mar shampla, na rioscaí clú agus oibríochta atá ann mar gheall ar an laghdú i gCúnamh Forbartha Coigríche

Fáiltíonn an Coiste Iniúcháireachta roimh an rannpháirtíocht ionchasach amach anseo leis an bPríomh-Oifigeach Riosca le linn na bliana 2013, agus ba chóir go dtiocfadh straitéisí spriocdhírthe as sin chun tacú le rannóga agus le misin le measúnú a dhéanamh ar riosca agus le straitéisí maolaithe riosca a chur i bhfeidhm ag leibhéal oibríochta.

## 5. Calaois

Is cuid bhunúsach den chúnamh forbartha an riosca calaoise, agus tá dóchúlacht níos mó ann go dtarlóidh sé ag leibhéal comhpháirtíochta mar gur dóigh nach mbeidh sé ar chumas na Roinne/Cúnamh Éireann súil a choinneáil ar an gcúnamh a eisíoctar leis na faighteoirí beartaithe. Tá an Coiste Iniúcháireachta sásta go bhfuil na céimeanna réasúnacha ar fad á dtógáil ag an Roinn/Cúnamh Éireann le dóchúlacht calaoise a mhaolú trí bhainistíocht riosca agus clár bainistíochta agus chórais mhonatóireachta atá forbartha go maith. Tugann sé ar aird freisin go ndéanfaidh an tAonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta comhordú ar athbhreithniú ar an mbeartas calaoise atá i bhfeidhm ag an Roinn cheana féin agus ar an gCód Cleachtais ar Chalaois in Eagraíochtaí Comhpháirtíochta le linn na bliana 2013 agus táthar ag súil le tuarascáil a fháil i ndáil leis na topaicí sin in am trátha.

Bhí mór-eachtra calaoise ann le linn na bliana 2012, a bhain leis an bPlean Síochána, Athshlánaithe agus Forbartha, a bhí maoinithe faoin bPlean Straitéise Tíre do Uganda. Is laistigh d'Oifig an Phríomh-Aire a rinneadh an chalaois agus rinneadh míleithreasú ar €11.6 milliún ar an iomlán, agus is é Cúnamh Éireann a sholáthraigh €4 milliún de sin. Tugadh faoi deara an chalaois tar éis d'Oifig an Ard-Iniúcháir in Uganda tabhairt faoi obair imscrúdaithe mionsonraithe.

Molann an Coiste Iniúcháireachta an Roinn/Cúnamh Éireann as na gníomhartha pras agus deimhneach a tógadh gan aon mhoill a dhéanamh nuair a fuarthas amach faoin gcalaois (nuair a foilsíodh tuarascáil an Ard-Iniúcháir). Áiríodh ar na gníomhartha sin cur ar fionraí an mhaoinithe trí chóras Rialtais Uganda agus cuireadh foireann ón Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta chuig Uganda leis an ábhar a imscrúdú.

Leagan tuarascáil eatramhach na foirne Meastóireachta agus Iniúcháireachta líon príomhthorthaí amach, a dhírigh ar an ngá le comhordú níos fearr i measc deontóirí le monatóireacht a dhéanamh ar an gclár agus scóip freisin le córais Cúnamh Éireann féin a fheabhsú rud a chiallódh go bhféadfadh an chalaos a bheith braite níos túisce. Tá roinnt moltaí déanta maidir le maoirseacht ar an gclár a neartú.

D'íoc Rialtas Uganda ar ais an €4 milliún ina iomláine le Cúnamh Éireann tar éis don imscrúdú a bheith críochnaithe (agus thug siad an t-airgead ar ais do na deontóirí eile freisin). Tá plean gnímh le ráthaíocht mhúineach a thabhairt ar ais comhaontaithe idir Rialtas Uganda agus na deontóirí, atá comhdhéanta de líon gníomhartha soiléire lena mbaineann spriocdhátaí. Rinne Cúnamh Éireann forbairt ar chlár eatramhach don bhliain 2013 chun tacaíocht a sholáthar do Uganda trí bhealaí neamhrialtasacha.

Thug teacht chun cinn cás eile calaoise ina dhiaidh sin in Uganda – nuair nár tuairiscíodh neamhrialtacht cuntasáochta ar an bpointe, cé gur díriodh orthu go cuí – údar imní don Choiste Iniúcháireachta sa mhéid gur léirigh sé nár tugadh aird ar an gá atá ann le bheith ar an airdeall ar fud na heagraíochta ar fad. Cuireann an Coiste Iniúcháireachta béim ar an ngá atá le bheith ar an airdeall agus iniúchadh a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar gach leibhéal riarachán, feidhmiúcháin agus maoirseachta cistí agus a bheith ar an airdeall maidir le hábhair rialachais agus tuairiscithe.

Fáiltíonn an Coiste Iniúcháireachta roimh thús a bheith curtha ag an Ard-Rúnaí roimh athbhreithniú iomlán a bheidh á dhéanamh ag an Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta ar rialuithe inmheánacha agus ar na córais bhainistíochta riosca i dtíortha cláir Chúnamh Éireann ar fad sa bhliain 2013.

Leanfaidh an Coiste Iniúcháireachta le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an ábhar seo le linn na bliana 2013.

## 6. Bainistíocht Airgeadais Phoiblí i dtíortha Cláir

Léiríonn na measúnachtaí agus na himscrúduithe éagsúla a rinneadh i ndáil le Bainistíocht Airgeadais Phoiblí (PFM) ar na cistí atá ar iarraidh in Uganda agus a bhfuil an Coiste Meastóireachta agus Iniúcháireachta ag tabhairt fúthu, na rioscaí a baineann le bheith ag obair trí chórais rialtais agus an gá atá ann maidir le bheith ar an eolas i gcónaí maidir leis na rioscaí sin. Tugann an Coiste Iniúcháireachta ar aird, cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta le Bainistíocht Airgeadais Phoiblí (PFM) a neartú ar fud tíortha, go bhfuil laige agus féidearthacht ann i gcónaí maidir le míleithreasú nó mí-úsáid cistí. Baineann na réimsí laige le heasnaimh sa rialachas foriomlán i dtíortha cláir, easpa i ndáil le feidhmiú córais rialaithe inmheánacha agus easpa scileanna.

Tá an Coiste Iniúcháireachta ag súil le toradh an athbhreithnithe ar rialú inmheánach agus ar na córais bhainistíochta riosca a bhaineann le tíortha cláir Chúnamh Éireann a bhfuil an tAonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta ag tabhairt fúthu le linn 2013, agus déanfar tuairisciú níos mionsonraithe ar leordhóthanacht agus ar fheidhmiú na gcóras sin. Chomh maith leis sin fáiltíonn an Coiste roimh an athbhreithniú ar na nósanna imeachta bainistíochta airgeadais a bhfuil Cúnamh Éireann ag tabhairt fúthu, agus ba chóir go ndíreodh sé sin freisin ar réimsí lena mbaineann easpa soiléireachta agus mionsonraí dóthanacha i láthair na huaire, agus, go deimhin, réimsí a ndearnadh faillí orthu de réir nádúr an chláir cúnaimh.

Rinne Cúnamh Éireann obair mhór ó thaobh treoirínite Bainistíochta Airgeadais Phoiblí (PFM) a fhorbairt. Ciallóidh na treoirínite sin comhpháirt thábhachtach de chóras bainistíocht riosca Chúnamh Éireann trí chreat oibre a sholáthar le hanailísiú a dhéanamh ar chórais tíre agus ar an mbealach sin ag tacú leis an bpróiseas déanamh cinnteoireachta maidir le módúlachtaí cúnamh cuí a úsáid ina chuid tíortha cláir. Tá sé i gceist ag an gCoiste Iniúcháireachta athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirínite tar éis dóibh a bheith scaipthe ar fud Chúnamh Éireann.

## 7. Meastóireacht agus Iniúcháireacht

### Meastóireacht

Mhol an Coiste Iniúcháireachta san am a caitheadh go gcuirfidh cultúr meastóireachta chun cinn ar fud na Roinne. Bhí dhá shampla shuntasacha maidir leis sin ann sa bhliain 2012 ó thaobh théarmaí tagartha an Aonaid Meastóireachta agus Iniúcháireachta a bhí leathnaithe. I dtús báire, pleanáladh agus tionscnaíodh Athbhreithniú um Luach ar Airgead agus Athbhreithnithe ar Bheartais (VFMPR) ar mhisean taidhleoireachta déthaobhach na hÉireann i mBallstáit AE sa bhliain 2012. Bhí oifigigh ón gcuid ba mhó de rannóga agus d'aonaid gnó na Roinne rannpháirteach sa VFMPR agus tá sé sin ceaptha a bheith tugtha chun críche sa bhliain 2013. Bhí agallaimh fhorleathana leis na daoine lárnacha i gceist leis an bpróiseas, laistigh agus lasmuigh den Roinn araon, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach agus tugadh cuairteanna measúnaithe ar shampla ionadaíoch de Mhisin AE. Tá tábhacht na meastóireachta mar ghné de dhea-bhainistíocht na seirbhíse poiblí léirithe ag an VFMPR cheana féin. Tá an tionscadal á stiúradh ag Coiste Stiúrtha atá comhdhéanta d'ionadaithe ó cheithre Roinn Stáit le cathaoirleach neamhspleách. Tá an tábhacht a bhaineann leanúint le rannpháirtíocht an Choiste Comhairligh Bainistíochta sa phróiseas chun a chinntiú go bhfuiltear ag tabhairt aghaidh ar na moltaí atá ag teacht chun cinn léirithe ag an gCoiste Iniúcháireachta.

Ar an dara dul síos, thug an tAonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta *Lámhleabhar faoi Oibríochtaí Meastóireachta* don Roinn chun críche tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Iniúcháireachta sa bhliain 2012. Tá sé mar aidhm leis an lámhleabhar cur le cur chun cinn cuimsiú meastóireachta a bhaineann le breithniú ag gach céim de phleanáil agus d'fheidhmiú i ndáil le maoiniú cláir agus le réimsí eile caiteachais. Scaipeadh an lámhleabhar nua ar fud na Roinne, lena n-áirítear gach misean thar lear. Déanfaidh an tAonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta comhlánú ar an lámhleabhar trí oiliúint sainoiriúnaithe maidir le meastóireacht a chur ar fáil.

Rinneadh meastóireacht ar thrí cinn de chláir tíortha na hÉireann sa bhliain 2012. Áiríodh ar na cláir sin an Aetóip (2008-2012), Leosóta (2008-2012) agus an Afraic Theas (2008-2012). Bhí cur chuige difriúil ag gabháil leis na trí mheastóireacht, a bhí curtha in oiriúint do chomhthéacs difriúla ag brath ar chláir na tíortha ina raibh siad á seachadadh. Mar shampla, bhí clár meastóireachta Leosóta á stiúradh ag foireann ón Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta le tacaíocht ó speisialtóir meastóireachta neamhspleách a bhí ag baint úsáid as modhanna rannpháirtíochta. Thug an bhainistíocht freagraí ar na moltaí difriúla a d'eascair as na meastóireachtaí agus bhí tionchar díreach ag torthaí na meastóireachtaí ar na cinntí maidir leis an mbealach is fearr a dhéanfaidh Cúnamh Éireann tacaíocht a sholáthar amach anseo sna tíortha a bhí i gceist.

Ag cur le hobair an Aonaid ón mbliain 2011 ar aghaidh, leanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta ag tabhairt faoi obair chun a chinntiú go n-áirítear breithnithe meastóireachta mionsonraithe i bpleanáil cláir nua do na trí thír atá i gceist. Chomh maith leis an meastóireacht shainiúil ar thug an tAonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta féin faoi, leanann an tAonad de bheith rannpháirteach le tionscnamh idirnáisiúnta a dhéanann iarracht cur le cáilíocht na meastóireachta agus feabhas a chur air. Tá an tAonad gníomhach go háirithe sa *Líonra ar Fhorbairt Mheastóireachta* na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD-DAC), Aonad ar a bhfuil sé ina leaschathaoirleach air i láthair na huair. Tá ionadaíocht ag an Aonad freisin ar ghrúpa bainistíochta mhór chomh-mheastóireachtaí ar Thacaíocht Buiséadach Ginearálta sa Tansáin agus i Mósaimbíc – ábhar ina raibh spéis ar leith ag an gCoiste Iniúcháireachta – chomh maith le meastóireacht ar fheidhmiú An Comhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil. Táthar ag tabhairt faoi na meastóireachtaí i gcomhar le deontóirí idirnáisiúnta eile lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach agus Ard-Stiúrthóireacht na Daonchabhrach (ECHO).

### Iniúcháireacht

Rinneadh seachadadh ar phríomhghnéithe an chláir iniúchta inmheánach a bhí pleanáilte do 2012, cé nár tugadh roinnt tuarascálacha iniúcháireachta chun críche go dtí tús na bliana 2013. Bhí an tionchar a bhí ag an ngá le tosaíocht a thabhairt do shaincheist chialaíse Uganda sa ráithe deiridh de 2012 ar roinnt gnéithe den chlár ach go ginearálta d'éirigh leis an Aonad Iniúcháireachta freastal ar an obair bhreise seo nach rabhtas ag súil léi.

Cé gur lean príomhfhócas na hoibre do 2012 le bheith ar chlár Cúnamh Éireann, méadaíodh an fócas ar chórais sa chuid eile den Roinn agus rinneadh obair iniúcháireachta ar chóiríocht, ar chaiteachas teicneolaíocht faisnéise agus eitice chomh maith le hiniúcháireachtaí ar ambasáidí i Singeapór agus sa Mhalaeisia.

Déileáiltear le conclúidí obair iniúcháireachta maidir leis an gcalaois in Uganda, bainistíocht airgeadas poiblí i dtíortha cláir, le cóiríocht agus le taisteal agus le liúntas cothaithe in áit eile sa tuarascáil seo. Léiríonn na torthaí iniúcháireachtaí inmheánacha eile, a rinneadh sa bhliain 2012, go raibh an timpeallacht rialaithe sásúil go ginearálta. Is ionann na moltaí atá ag teacht chun cinn agus deiseanna breise le feabhas a chur ar rialuithe seachas a bheith ag léiriú aon easpaí suntasach ó thaobh rialaithe.

Is é cleachtas na hiniúcháireachta inmheánaigh de ghnáth ná go n-aithneoidh tuarascálacha roinnt réimsí ina bhfuil an rialú lag, agus go bhfuil freagraí bainistíochta riachtanach le cur síos a dhéanamh ar na gníomhartha atá beartaithe ag an mbainistíocht le haghaidh a thabhairt ar na laigí sin. Ní mór an Coiste Iniúcháireachta a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil maidir leis an dul chun cinn ar fheidhmiú na moltaí iniúcháireachta, de réir mar a dhéanann Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tá clár bunaithe ag an Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta a dhéanann rianú ar stádas cur i bhfeidhm na moltaí iniúcháireachta agus ar na gníomhartha a thógann an bhainistíocht.

Reáchtáladh ceardlanna d'iniúcháirí inmheánacha i dtíortha cláir Cúnamh Éireann i Luimneach i Meán Fómhair. Bhí sé thar a bheith úsáideach i dtéarmaí treoirínite a sholáthar do na hiniúcháirí inmheánach ag leibhéal allamuigh agus don Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireacht ó thaobh

aiseolas a fháil ó na réimsí ina bhfuil riosca ag teacht chun cinn araon. Léiríodh oibriú le comhlachtaí na Náisiún Aontaithe ag leibhéal allamuigh mar réimse lenar bhain údar imní mar gheall ar rochtain ar thuarascálacha iniúcháireachta agus cuntasachta.

## 8. An Treo amach anseo don Choiste Iniúcháireachta

Bhí an Coiste Iniúcháireachta rannpháirteach i bpróiseas athmhachnaimh le linn na bliana 2012 le tacaíocht ó éascaitheoir neamhspleách, maidir leis an mbealach inar chomhlíon sé a chuid téarmaí tagartha agus maidir le cad iad na céimeanna breise, má tá gá leo, a d'fhéadfadh sé a thógáil chun cuir lena chuid éifeachtúlachta. Chas baill an Choiste le cathaoirleach Choiste Iniúcháireachta Roinn Forbartha Idirnáisiúnta (*DfID*) na Ríochta Aontaithe chun tuairimí a mhalartú maidir lena modus operandi faoi seach. D'fhreagair an Coiste cuireadh ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freisin maidir le haighneacht a dhéanamh a leagann amach a chuid tuairimí maidir le forbairt a dhéanamh ar fheidhm na hiniúcháireachta inmheánaigh in eagraíochtaí na hearnála poiblí. Tháinig líon pointí astu sin a d'fhéadfadh cur le ról an Choiste Iniúcháireachta ó thaobh comhairle a chur ar an Ard-Rúnaí maidir le beartais agus straitéisí iniúcháireachta inmheánaí um bhainistíochta riosca a oireann d'fheidhmiú na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus dá réir sin tacaíonn sé leis ó thaobh a chuid freagrachtaí mar Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne a chomhlíonadh. Ar na príomhthionscnaimh a aithníodh bhí:


1. Ba cheart go mbeadh an Coiste Iniúcháireachta ag plé le struchtúir fhoirmiúla na Roinne níos minice. Mar shampla b'fhéidir go mbeadh cathaoirleach an choiste, nó ball eile, ag freastal ar chruinniú grúpa bainistíochta sinsearach chun an tuairisc bhliantúil a chur i láthair nó nuair atá rudaí eile suimiúla le plé.
2. Ba chóir go mbeadh rannpháirtíocht níos mó le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le linn na bliana – go háirithe ag céimeanna pleanála iniúcháireachta agus tabhairt chun críche obair iniúcháireachta allamuigh.
3. Ba chóir don Choiste Iniúcháireachta measúnú a dhéanamh ar scóip agus ar éifeachtúlacht foriomlán an chláir iniúcháireachta, lena n-áirítear ról na hiniúcháireachta inmheánaigh agus seachtrach. Ba chóir go mbeadh tuiscint a fháil ar na príomhrioscaí atá mar bhonn taca le pleananna iniúcháireachta inmheánach agus iniúcháireachta seachtrach i gceist leis sin, na hacmhainní a leithdháiltear ar na hiniúcháireachtaí agus an bealach ina ndéantar saincheisteanna iniúcháireachta suntasach a aithint agus a bhainistiú. Beidh sé mar chuspóir leis comhairle a chur ar an Ard-Rúnaí maidir le ról an Choiste Meastóireachta agus Iniúcháireacht agus níl sé i gceist leis go mbeadh tionchar aige ar neamhspleáchas an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.
4. Cé go bhfuiltear sásta go bhfuil an raon scileanna agus taithí atá riachtanach ag an mballraíocht reatha, mar sin féin creideann an Coiste Iniúcháireachta nach mór breithniú a dhéanamh anois leis an struchtúr ar chur ar bhonn níos foirmiúla le ballraíocht an Choiste Iniúcháireachta a roghnú, le baill nua a ionduchtú agus ar mhaithe le hoiliúint leanúnach le linn na mblianta seo mar go bhfuil gá níos géire ná riamh anois le trédhearcacht i mbeartas poiblí.



Is éard atá i gceist ag an gCoiste Iniúchóireachta ná athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar a chairt le linn na bliana 2013. Táthar ag súil go n-eiseoidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe treoir maidir le ról an Choiste Iniúchóireachta. Tá an dóigh ann go leagfaidh an treoir seo amach an creat le haghaidh athchóiriú a dhéanamh ar an gcairt.

## Aguisín 1 – Spriocanna Ardleibhéil na Roinne, 2011 go 2014

Is iad seo a leanas Spriocanna Ardleibhéil na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála don tréimhse 2011-2014:



## Aguisín 2 – Cairt an Choiste Iniúcháireachta

Tá Coiste Iniúcháireachta na Roinne Gnóthaí Eachtracha (An Roinn) ceaptha go foirmiúil ag agus tuairiscíonn sé d’Ard-Rúnaí na Roinne, arbh é oifigeach cuntasáíochta Vótaí 28 (Gnóthaí Eachtracha) agus 29 (Comhoibriú Idirnáisiúnta) é. Tabharfaidh sé comhairle mar is cuí don Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus don Aire Stáit um Thrádáil agus Forbairt.

Beidh Cathaoirleach ar an gCoiste agus ceithre ghnáthbhall ó lasmuigh den Roinn (is trí bhall an córam do chruinnithe). Beidh ar a laghad dhá bhall den Choiste ina gcuntasóirí cáilithe agus beidh taithí ghairmiúil ag roinnt de na baill i réimse an chomhair um fhorbairt agus na meastóireachta ar chlár cúnaimh. D’fhéadfadh sé go ndéanfaí daoine le taithí bhreise a chomhthoghadh ar bhonn comhairleoireachta. De ghnáth beidh na baill ag fónamh ar feadh tréimhse dhá bhliain ar a laghad. De ghnáth tiocfaidh an Coiste le chéile sé huair ar a laghad le linn na bliana.

Soláthróidh an Coiste breithmheas neamhspleách maidir le socruithe iniúcháireachta agus meastóireachta le súil le rialuithe inmheánacha agus bainistíocht riosca a neartú chomh maith le cur le feidhmiú éifeachtach na feidhme iniúcháireachta agus meastóireachta laistigh den Roinn.

Cuirfidh an Coiste tuarascáil bliantúil ar fáil don Ard-Rúnaí. Díreoidh sé sin, inter alia, air:

- athbhreithniú ar straitéis mheastóireachta agus iniúcháireachta na Roinne agus ar na clár oibre bhliantúil a eascraíonn as sin;
- athbhreithniú ar fheidhmiú na glár sin;
- athbhreithniú ar na hacmhainní atá ar fáil don chuspóir sin;
- monatóireacht a dhéanamh ar an athbhreithniú ar na córais rialaithe inmheánacha;
- monatóireacht a dhéanamh ar an athbhreithniú ar na córais bhainistíochta riosca;

Tabharfaidh an Coiste cuireadh don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, nó dá ionadaí/dá hionadaí freastal ar chruinniú leis uair amháin sa bhliain ar a laghad.

Tá ról comhairleach ag an gCoiste Iniúcháireacht, gan aon fheidhmeanna feidhmiúcháin, freagrachtaí nó cumhachtaí agus níl aon ról aige ó thaobh tuarascála meastóireachta agus iniúcháireachta a cheadú.

## Aguisín 3 - Achoimre ar Mholtaí

### Eagrú agus Bainistíocht na Roinne

1. Ba chóir don Roinn leanúint le cothabháil a dhéanamh ar bhonn cháilíochta, scileanna agus taithí an Aonaid Meastóireachta agus Iniúcháireachta, in ainneoin na ndúshlán atá i ndán don Roinn ó thaobh acmhainní.
2. Ba chóir déileáil le costais foirne Meastóireachta agus Iniúcháireacht in Ambasáidí i dtíortha comhpháirtíochta Chúnamh Éireann mar chaiteachas (seachas mar riarachán) cláir a bheidh le maoiniú as cistí Cúnamh Éireann mar gurb é príomhfheidhm na foirne sin ná maoirseacht a dhéanamh ar chaiteachas agus é a dhearbhu.
3. Leagann an Coiste Iniúcháireachta béim ar an tábhacht lárnach a bhaineann le feidhm aontaithe airgeadais láidir faoi stiúir cuntasóir cáilithe oiriúnach le taithí mar Cheann Airgeadais.

### Caiteachas Cóiríochta na Roinne

4. Ba chóir go bhfiosródh an Roinn roghanna bainistíochta dá phunann mhaoine thar lear le hOifig na nOibreacha Poiblí ag teacht le tuairimíocht an Rialtais faoi láthair maidir le seirbhísí comhroinnte.

### Taisteal agus Liúntas Cothaithe na Roinne

5. Ba chóir go mbunódh an Roinn feidhm taistil neamhspleách ar mhaithe le costais taistil a cheadú atá os cionn na méide atá sonraithe.
6. Ba chóir go ndéanfadh an tAonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta breithniú ar thabhairt isteach rátáil oiriúnach/córas rangaithe oiriúnach ina chuid tuarascálacha do mholtaí agus torthaí iniúcháireachta inmheánacha aonair agus rátáil iniúcháireachta foriomlán a thabhairt san áireamh freisin.

### Bainistíocht Riosca

7. Molann an Coiste Iniúcháireachta gur chóir go ndéanfadh an Roinn fiosrú ar an scóip le tuilleadh soiléireachta a fháil maidir le straitéisí bainistíochta riosca agus i gcinntiú go bhfuil na straitéisí atá i bhfeidhm léirithe sna cláir riosca.

### Calaois

8. Molann an Coiste Iniúcháireachta go mbeadh an Roinn ar an airdeall agus go ndéanfadh sí iniúcháireacht ar bhonn leanúnach ar gach leibhéal riarachán, feidhmiúcháin agus maoirseachta ar chistí Chúnamh Éireann agus ar ábhair rialachais agus tuairiscithe.

## **An Treo amach anseo don Choiste Iniúcháireachta**

9. Ba cheart go mbeadh an Coiste Iniúcháireachta ag plé le struchtúir fhoirmiúla na Roinne níos minice. Mar shampla b'fhéidir go mbeadh cathaoirleach an choiste, nó ball eile, ag freastal ar chruinniú grúpa bainistíochta sinsearach chun an tuairisc bhliantúil a chur i láthair nó nuair atá rudaí eile suimiúla le plé.
10. Ba chóir go mbeadh rannpháirtíocht níos mó le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le linn na bliana – go háirithe ag céimeanna pleanála iniúcháireachta agus tabhairt chun críche céimeanna obair iniúcháireachta allamuigh.
11. Ba chóir don Choiste Iniúcháireachta measúnú a dhéanamh ar scóip agus ar éifeachtúlacht foriomlán an chlúdaigh iniúcháireachta, lena n-áirítear ról na hiniúcháireachta inmheánaigh agus seachtraigh. Ba chóir go mbeadh tuiscint a fháil ar na príomhrioscaí atá mar bhonn taca le pleananna iniúcháireachta inmheánach agus iniúcháireachta seachtrach i gceist leis sin, scóip na n-iniúcháireachtaí, na hacmhainní a leithdháiltear ar na hiniúcháireachtaí agus an bealach ina ndéantar saincheisteanna iniúcháireachta suntasach a aithint agus a bhainistiú.
12. Cé go bhfuiltear sásta go bhfuil an raon scileanna agus taithí atá riachtanach ag an mballraíocht reatha, mar sin féin creideann an Coiste Iniúcháireachta nach mór breithniú a dhéanamh anois an struchtúr ar chur ar bhonn níos foirmiúla le ballraíocht an Choiste Iniúcháireachta a roghnú, le baill nua a ionduchtú agus ar mhaithe le hoiliúint leanúnach le linn na mblianta seo agus gá níos géire ná riamh atá le trédhearcacht i mbeartas poiblí.